78 Marcach Ar Ghabhar

Bhí mise oíhe dhom oíheanta, agus ba Oíhe Shamhn' í, agus do bhí mé a' dul a' ragairne an áit a raibh rínc' agus spraoi lé bheith agam, me héin agus beirt nú triúr eile garsún a bhí mar chomarádaithe agam. Do bhí me ag baile, agus do bhí an ghealach ag eighrí go breá os mo cheann anáirde, agus é luath go math insan oíhe. Do bhí me a' cuir i gcóir chuig imeacht, agus, má bhíos choíhint, do bhí me a' fitheamh ar smut 'ráin a thabhairt liom a d'íosainn ar a' mbóthar ag imeacht dom.

[D'imi me liom] ansin, agus do bhí me ag imeacht liom, agus do bhí me a' ruith ar fhaid a' bhóithrín le hí ná beadh mo chomarádaí imithe uaim. Do bhí cúinne ar a' mbóithrín, agus cé bheadh a' teacht im choinne ach struis do bhuachaill mhath, agus é ar marcaíocht ar ghabhar! Well, do bhain a' gabhar geit asam-sa, agus do bhain mise geit as a' ngabhar. Do bhí abhainn a' ruith le taobh insan áit a rabhamair araon a' góil, agus nuair a choinnic a' gabhar mise d'eighri sé dho léim, agus do ghui' sé treasna na habhann, agus an màrcach ar marcaíocht ar a' ngabhar, agus níor leag sí é.

Ar mh'anam nár thit sí féin insan abhainn ach an oiread céanna, go rai' sí lán-ábalt' ar an abhainn a léime. Nuair a thúirlinn sí ar a' dtaobh thall do cheap me gurab é an lutharadán a bhí ann go suíte. Ar ndó, labhair an fear a bhí ar marcaíocht [ar an ngabhar] agus is é an focal adúirt sé: "Go sceana an Dial ort!"